Na Scoileanna Dara leibhéal is Fearr sa Tír

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi torthaí suirbhé a rinneadh ar dhaltaí scoile a chuaigh chuig coláistí tríú leibhéal. Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine atá in aice leat.

University _____

Single sex Schools _____

Improvement _____

Community School _____

Education _____

Degree _____

Economic _____

Criteria _____

Vocational School _____

Rank _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine atá in aice leat.

1. Cén nuachtán a raibh na torthaí foilsithe ann?

2. Cén cineál scoile ab fhearr, de réir torthaí an tsuirbhé, gairmscoileanna nó scoileanna aonghnéis?

3. Cé mhéid áiteanna ar ardaigh Coláiste Cholmcille?

4. Cé mhéid bliana atá Pobalscoil Chorca Dhuibhne tar éis a bheith san áireamh sa suirbhé seo?

5. Cad a rinneadh le scoileanna beaga le níos lú ná 100 dalta iontu?

Ceist 4 ‘go leor conspóide tarraingthe’
Cén ghné den ghramadach atá i gceist le *tarraingthe* thuas?

Déan iarracht anois na focail idir lúibíní thíos a athrú. Tá sampla 1. déanta.

1. Tá an doras sin (dún).
   Tá an doras sin dúnta.

2. Tá dinnéar Bhran (ith) ag an gcat.

3. Bhí sé sin (ceannaigh) aige inné.

4. Tá an cíos (íoc).

5. An raibh an carr seo (bris) síos ar maidin?

6. Tá Bríd (imigh) ar laethanta saoire ó Dé Máirt.

7. Níl an banc (oscail) fós.

Ceist 5. **‘***Thóg sé go leor misnigh*’
Abair cé acu mothúchán atá i gceist le gach abairt thíos. Roghnaigh do chuid freagraí ón liosta.

1. Bím ag caoineadh go leor.
2. Bíonn meangadh gáire orm i gcónaí.
3. Bím i m’aonair go leor den am.
4. Táim ag súil go bhfeabhsóidh rudaí amach anseo.
5. Ba mhaith liom earraí mo chomharsan a bheith agam.
6. Ní raibh sé go maith agus bhí mé ag súil go mbeadh.
7. Rinne mé rud nach bhfuil mé bródúil as.

(uaigneas, brón, náire, dóchas, áthas, díomá, éad)

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

1. I do thuairim, an córas maith é seo le scoileanna a mheas?
2. An mbíodh cáilíochtaí tríú leibhéal chomh tábhachtach céanna blianta ó shin?
3. An bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal ag do thuismitheoirí?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

University	**Ollscoil**
Single sex	**Scoileanna Aonghnéis**
Improvement	**Feabhas**
Community School	**Pobalscoil**
Education	**Oideachas**
Degree	**Céim**
Economic	**Cúrsaí eacnamaíochta**
Criteria	**Critéir**
Vocational School	**Gairmscoil**
Rank	**Rangú**

Ceist 3

1. An Sunday Times.

2. Scoileanna aonghnéis.

3. Dhá chéad agus a dó áit.

4. Seo an chéad bhliain di a bheith san áireamh.

5. Rinneadh iad a rangú leo féin.

Ceist 4.

Aidiacht bhriathartha .

2. Tá dinnéar Bhran **ite** ag an gcat.
3. Bhí sé sin **ceannaithe** aige inné.
4. Tá an cíos **íoctha**.
5. An raibh an carr seo **briste** síos ar maidin?
6. Tá Bríd **imithe** ar laethanta saoire ó Dé Máirt.
7. Níl an banc **oscailte** fós.

Ceist 5.

1. Brón
2. Áthas
3. Uaigneas
4. Dóchas
5. Éad
6. Díomá
7. Náire

Ceist 6.

Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Maolra Mac Donncha

I suirbhé atá déanta ag an Nuachtán an *Sunday Times* ar an gceithre chéad scoil dara[1] leibhéal is fearr sa tír, tá deá-scéala agus drochscéala do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Léiríonn an suirbhé gur fearr a chruthaíonn daltaí a dhéanann freastal ar scoileanna buachaillí nó scoileanna cailíní seachas daltaí i scoileanna measctha. Tá an scéal uile[2] ag Eibhlín Ní Choisdealbha.

Eibhlín Ní Choisdealbha

Cuireadh an liosta seo de[3] na ceithre chéad scoil dara[4] leibhéal is fearr sa tír le chéile, bunaithe ar an méid daltaí a d'aimsigh áit in aon Ollscoil Éireannach, Sasanach, in Albain nó sa Bhreatain Bheag nó i gceann de[5] na príomhcholáistí oiliúna do mhúinteoirí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn nó sa Choláiste Náisiúnta Ealaíona agus[6] Deartha. Tá trí Ghaelscoil ainmnithe i measc na deich gcinn de scoileanna is fearr sa tír, sin iad, Coláiste Eoin, Íosagán i mBaile Átha Cliath, agus Laurel Hill i Luimneach, agus is scoileanna aonghnéis naoi gcinn as na deich gcinn is fearr. I measc na scoileanna ar tháinig feabhas an-mhór orthu tá Coláiste Cholmcille in Indreabhán i nGaeltacht Chonamara. Bhí an scoil seo ag trí chéad fiche ceathair ar an liosta déanach a foilsíodh i dhá mhíle is a seacht, ach i mbliana tá siad[7] ag céad fiche a dó, sin ardú de dhá chéad agus a dó áit.

---

[1] *Darna* a deirtear sa mhír
[2] *Uilig* a deirtear sa mhír
[3] *Dos* a deirtear sa mhír
[4] *Tarna* a deirtear sa mhír
[5] *Des* a deirtear sa mhír
[6] *Is* a deirtear sa mhír
[7] *Táid* a deirtear sa mhír
[8] *bheag* a deirtear sa mhír
[9] *misneach* a deirtear da mhír
[10] *na páipéirí* a deirtear sa mhír
[11] *atá siad ag déanamh* a deirtear sa mhír
[12] *go bhfuil muid* a deirtear sa mhír

Gearóid Ó Dubhlaoich- Príomhoide Coláiste Cholmcille:

Scoil réasúnta beag[8] atá againn anseo, tá thart ar céad ochtú scoláire againn agus tá na ranganna réasúnta beag freisin.
Thóg sé go leor misnigh[9] do na múinteoirí anseo é sin a fheiceáil ar na páipéir[10].Is léiriú é ar an méid oibre atá á dhéanamh acu[11] anseo i gcaitheamh na mblianta agus is iontach an rud é sin don scoil go bhfuilimid[12] chomh hard sin.

Eibhlín Ní Choisdealbha

Tá ardú de dhaichead[13] a cúig áit tagtha ar ráta Phobalscoil Ghaoth Dobhair leis, de réir an chritéir.

Noel Ó Gallachóir- Príomhoide Phobalscoil Ghaoth Dobhair

Tá meas mór ag tuismitheoirí agus scoláirí ar oideachas tríú leibhéal mar tá a fhios acu sa saol[14] atá ann inniu go gcaithfidh tú céim tríú leibhéal a bheith agat fá choinne fáil ar aghaidh sa saol[15], go háirithe an dóigh a bhfuil cúrsaí eacnamaíochta anois le traidhfil blianta anuas.

Eibhlín Ní Choisdealbha

I measc na scoileanna a thit ar an liosta seo de réir an chritéir, tá Pobalscoil Chloch Cheann Fhaola san Fhál Charrach i dTír Chonaill a thit céad daichead a sé áit agus Coláiste Croí Mhuire ar an Spidéal i gConamara a bhí ag uimhir a nócha naoi agus anois ag céad caoga cúig. D'éirigh le dhá scoil, a bhfuil go leor conspóide tarraingthe acu maidir le teanga teagaisc na scoile, áiteanna arda a bhaint amach, sin iad Pobalscoil Chorca Dhuibhne sa Daingean i gCiarraí a bhain uimhir a hochtú sé amach ar an liosta agus í an chéad bhliain di a bheith san áireamh ann, agus Gairmscoil Mhic Diarmada[16] ar Árann Mhór i dTír Chonaill a bhí ar an tríú scoil bheag is fearr sa tír. Rinneadh[17] scoileanna beaga, le níos lú ná céad dalta iontu a rangú[18] leo féin agus sa liosta sin, tá seacht gcinn de scoileanna Gaeltachta daraleibhéal i measc na deich gcinn de scoileanna beaga is fearr sa tír. 8
Eibhlín Ní Choisdealbha, Nuacht TG4, i gConamara.

---

[13] *de daichead*a deirtear sa mhír.
[14] *sa tsaol* a deirtear sa mhír.
[15] sa tsaol a deirtear sa mhír.
[16] Mhic *Dhiarmada* a deirtear sa mhír, ach *Mhic Diarmada* atá le feiceáil.
[17] *Deineadh* a deirtear sa mhír.
[18] *rangnú* a deirtear sa mhír